

# Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim

## Polasaí Foilsithe agus Craobhscaoilte

---

*Meán Fómhair 2017*

*An Brainse Staidrimh & Taighde Eacnamaíochta*



## Clár na nÁbhar

<b>Clár na nÁbhar.....</b>	<b>2</b>
<b>Léargas Ginearálta .....</b>	<b>3</b>
<b>Foilsíú.....</b>	<b>4</b>
<b>Craobhscaoileadh .....</b>	<b>5</b>
<b>Athbhreithniú .....</b>	<b>6</b>
<b>Neamhspleáchas .....</b>	<b>7</b>

## Léargas Ginearálta

Is é cuspóir an doiciméid seo ná achoimre a chur ar fáil ar chur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim i leith Chraobhscaoileadh agus Fhoilsiú a gcuid staitisticí.

Ba chóir an doiciméad seo a léamh in éineacht leis an ‘Ráiteas Cailíochta’ agus le doiciméid eile chuí. Tá siad seo foilsithe chomh maith sa rannán Staitisticí ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim: <http://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/index.aspx>.

I gcás fiosruithe i dtaca le staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim, déan teagháil le [statistics@revenue.ie](mailto:statistics@revenue.ie). Tabhair do d’aire gur chóir fiosruithe ó na meáin chumarsáide a sheoladh chuig Oifig Preasa na gCoimisinéirí Ioncaim an chéad uair a fhaightear iad: [revpress@revenue.ie](mailto:revpress@revenue.ie).

## Foilsíú

Is é an rannán Staitisticí ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim an príomhchaineál ar a ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim staitisticí a fhoilsíú:

<http://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/index.aspx>.

Is ar ardán Statbank na Príomhoifige Staidrimh a óstáiltear Staitisticí Iompair, Staitisticí Ioncamdháilte Cánach Ioncaim agus Cánach Corparáide agus Staitisticí CBL na gCoimisinéirí Ioncaim:

[http://www.cso.ie/px/pxeirestat/pssn/rv01/homepagefiles/rv01\\_statbank.asp](http://www.cso.ie/px/pxeirestat/pssn/rv01/homepagefiles/rv01_statbank.asp).

Is i bhformáid leictreonach amháin a bheidh eisiúintí staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim agus cuirfear ar fáil iad, nuair is cuí, i bhformáidí Sonraí Oscailte. Féadtar teacht ar staitisticí Sonraí Oscailte na gCoimisinéirí Ioncaim freisin tríd an Tairseach Náisiúnta Sonraí Oscailte: <https://data.gov.ie/data>.

Foilseofar eisiúintí agus nuashonruithe staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim faoi 5.00i.n. ar dháta na heisiúna.

Tá sceideal féilire de na dátaí eisiúna i leith gnáth-eisiúintí agus foilsíú staitisticí ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá an féilire seo ar fáil freisin ar iarratas ó [statistics@revenue.ie](mailto:statistics@revenue.ie). Tugtar an féilire seo suas chun dáta ar bhonn míosúil chun taifead a choinneáil ar na heisiúntí a foilsíodh in am le linn na míosa roimhe.

## Craobhscaoileadh

Seoltar feasachán trí liosta postála ríomhphoist ar bhonn ráithiúil ar a laghad (níos minice más gá). Déantar achoimre san fheasachán ar gach eisiúint nua nó ar gach nuashonrú ar staitisticí reatha ón eisiúint dheireanach. Ba chóir iarratais chun cur leis an liosta postála a chur chuig [statistics@revenue.ie](mailto:statistics@revenue.ie).

I bhformhór na gcásanna, fógrófar eisiúintí nó nuashonruithe nua staitisticí ar chuntas Twitter na gCoimisinéirí Ioncaim.

Chomh maith leis sin, féadfaidh na Coimisinéirí preasráitis a eisiúint le haghaidh foilseachán eile níos mionsonraithe, mar shampla Tuarascáil Bhliantúil na gCoimisinéirí Ioncaim, chun aird a tharraingt ar phríomhghnéithe na dtorthaí.

## Athbhreithniú

Nuair a dhéantar leasú nó athbhreithniú ar fhormáid, ar ábhar nó ar mhodheolaíocht thacar sonraí staitisticí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, cuitear custaiméirí ar an eolas faoi athbhreithnithe dá leithéid.

Nuair a dhéantar athbhreithniú ar fhigiúirí staitistiúla, déanfar na sonraí atá tugtha suas chun dáta a uaslódáil chuig na hardáin chuí chomh luath agus is féidir.

Déanfar na ráitis chuí faoin modh a thabhairt suas chun dáta.

Tabharfar fógra i leith aon athbhreithniú trí fheasachán Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim.

## Neamhspleáchas

Tá rún daingean ag na Coimisinéirí Ioncaim cloí le Cód Cleachtas Chóras Staidrimh na hÉireann um Staitisticí Oifigiúla (ISSCoP) agus, i gcomhthéacs foilsíú agus craobhscaoileadh, aithníonn na Coimisinéirí Ioncaim Prionsabal 1 den ISSCoP go háirithe: Neamhspleáchas Gairmiúil.

Comharthaí sóirt de seo ná go bhfuil na staitisticí a chuirtear i dtoll a chéile saor ó chur isteach seachtrach agus go bhfuil na haonaid staitisticí taobh istigh de chomhlachtaí poiblí neamhspleách i dtéarmaí modheolaíochta, ábhair agus thráthúlacht an fhoilsithe.

Sínigh na Coimisinéirí Ioncaim an 'Ráiteas Gealltanais' don ISSCoP i mí Mheán Fómhair 2015. Chomh maith leis sin, tá Líonra Oifigí Náisiúnta na gCoimisinéirí Ioncaim (grúpa bainisteoirí sinsearacha taobh istigh de na Coimisinéirí Ioncaim, grúpa a bhfuil Cathaoirleach na heagraíochta ina chathaoirleach air), tar éis dearbhú an athuair a thabhairt i mí an Mheithimh 2017 i leith rún daingean na hOifige do phrionsabail an ISSCoP.

Go seachtrach, ó bhunú na gCoimisinéirí Ioncaim in 1923, thug Rialtais éagsúla i ndiaidh a chéile, agus An tOireachtas, tar éis dearbhú an athuair a thabhairt i leith phrionsabail neamhspleáchais na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá an neamhspleáchas seo ina chrann taca do chreat oibre Rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim. Tugtar éifeacht dhlíthiúil i dtaca leis seo faoi Alt 101 den Acht um Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011.

Go hinmheánach, is é Brainse Staidrimh & Taighde Eacnamaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim an rannóg staidrimh san eagraíocht atá freagrach as Staitisticí Oifigiúla agus Sonraí Oscailte na heagraíochta a fhoilsíú. Tá an Brainse ina úinéir gnó ar an gcuid is mó de na tacair sonraí a tháirgtear faoi na ceannteidil seo.

Is foireann gairmithe anailísithe sna Coimisinéirí Ioncaim é an Brainse Staidrimh & Taighde Eacnamaíochta. Tá cabhair faigte aige ina leith seo agus foireann ar iasachta Bhrainse ón Príomhoifig Staidrimh agus ó Sheirbhís Eacnamaíochta & Measúnaithe Rialtas na hÉireann. Tá gealltanais tugtha ag na Coimisinéirí Ioncaim go n-oibreoidh an Brainse go neamhspleách ó thaobh foilsíú Staitisticí agus beidh sé saor ó chur isteach i leith oibriú an ISSCoP sna Coimisinéirí Ioncaim. Beidh ceannasaí an Bhrainse freagrach as cuntasach as na cinní deiridh i dtaca le modheolaíochta, ábhair agus thráthúlacht na bhfoilseachán staitisticí.

Tá fianaise ar an ngealltanais seo i leith neamhspleáchais sa chaoi is go bhfuil an Ráiteas Gealltanais don ISSCoP síniúthe ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus rannpháirtíocht luath aige i bpróiseas iniúchta an ISSCoP a d'iarr na Coimisinéirí Ioncaim ar bhonn réamhghníomhach.

Tá an tréadhearcacht lárnach le neamhspleáchas a léiriú. Déantar foilsíú agus nuashonrú míosúil ar ár suíomh idirlín ar 'Féilire Foilsithe Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim', ar sceideal é de nuashonruithe, chomh maith le heolas ar Rathúlacht nó teip cloí le hamlínte foilsithe i leith gach eisiúint staitisticí. Tabharfar aird san fhéilire ar aon teip cloí leis na hamlínte foilsithe, agus aithneofar iad seo sna feasacháin ar liosta postála.